Siondróm Down

Im not a 'Down's'. I am a person with Down syndrome ... Down syndrome is just something I have, not who I am.

Share the Journey, Féilire 2007 Down Syndrome Ireland

Is riocht géiniteach é siondróm Down: crómasóm breise is cúis leis an riocht. Cé go mbíonn saintréithe fisiceacha áirithe comónta ar dhaltaí a bhfuil siondróm Down orthu, is daoine iontu féin iad na daltaí i gcónaí agus beidh leibhéal an mhíchumais fhoghlama ghinearálta idir míchumas éadrom agus míchumas domhain. Tá seans go mbeidh fadhbanna mar éalang croí, fadhbanna riospráide agus éalang súl ar na daltaí a bhfuil siondróm Down orthu. Tá seans go mbeidh na saintréithe seo i gceist leis na riochtaí éagsúla: lagú éisteachta agus amhairc, scileanna moillithe mínluaileacha agus oll-luaileacha, deacrachtaí le smaointeoireacht agus le réasúnaíocht agus le heolas a chur ag obair i ndálaí nua, díriú intinne teoranta, droch-chuimhne chloisteála, lagú urlabhra agus teanga agus deacrachtaí seicheamhaithe. Tríd is tríd, i gcás daltaí a bhfuil siondróm Down orthu tá siad in ann teanga a thuiscint níos fearr ná mar atá siad in ann iad féin a chur in iúl ó bhéal. Dá réir sin, is minic go ndéanann daoine beag is fiú dá scileanna cognaíocha. Ba chóir caitheamh le daltaí a bhfuil siondróm Down orthu mar dhaoine aonair iontu féin a bhfuil a n-oideachas bunaithe ar mheasúnú ar na láidreachtaí agus ar na riachtanais atá acu. Tá seans go mbeidh Éagobhsaíocht Atlasaiseach (AAI) ag dul do dhaltaí áirithe a bhfuil siondróm Down orthu. Is éalang coirp i veirteabraí an dromlaigh atá i gceist leis seo. Tá gníomhaíochtaí coirp (m.sh. gleacaíocht agus uiscíocht) fíor-chontúirteach dóibh siúd a bhfuil AAI orthu agus tá seans go ndéanfaidh dochar don dromlach. Bíonn x-gha ag teastáil chun AAI a dhiagnóisiú agus moltar x-gha AAI a iarraidh maidir le daltaí a bhfuil siondróm Down orthu atá ar scoil.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Bealach láidir foghlama is ea amharc na súl do dhaltaí a bhfuil siondróm Down orthu. Ba chóir duit béim láidir a chur ar fhoghlaim trí mheán na súl nuair atá tú ag múineadh léitheoireachta do dhaltaí a bhfuil siondróm Down orthu. Is féidir leat léirithe amhairc, pictiúir agus léaráidí a úsáid freisin chun cuidiú le treoir éifeachtach a thabhairt i réimsí ábhair eile an churaclaim.
- Níor chóir duit neamhaird a dhéanamh de mhúineadh fónaice agus de mhúineadh feasacht foghareolaíochta.
- Is féidir leat lámhseoga agus foghlaim ghníomhach a úsáid go tairbhiúil chun roinnt coincheap a fhorbairt. Tá ábhair mhatamaitice amharcbhunaithe ar fáil (Numicon©) ina bhfuil tagairt ar leith do láidreachtaí agus do riachtanais foghlama daltaí a bhfuil siondróm Down orthu.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh ionchais arda agus intuarthacht sna deiseanna foghlama agus teagaisc ar fad.
- I gcás daltaí a bhfuil siondróm Down orthu léiríonn siad scileanna maithe sóisialta tríd is tríd, scileanna is féidir leat a úsáid go héifeachtach chun deiseanna foghlama agus teagaisc a mhéadú.
- Má úsáideann tú léirithe agus gníomhaíochtaí a bhaineann le tadhall téann siad i gcion go mór ar dhaltaí a bhfuil siondróm Down orthu.
- Múin tráthchláir, gnáthaimh agus rialacha na scoile go díreach do dhaltaí.
- Labhair go díreach leis an dalta, le caint shoiléir agus le habairtí gearra, agus bain úsáid as gothaí gnúise atá feiliúnach agus soiléir.
- Tabhair dóthain ama don dalta leis an teanga a thuiscint agus freagra a thabhairt.
- Leag deiseanna foghlama agus teagaisc amach ar bhealach a dtugann deis don dalta tascanna a dhéanamh in éineacht le daltaí eile. Bíonn na daltaí eile mar rólchuspaí oiriúnacha acu.
- Tá seans go n-éireoidh an dalta spleách gan ghá. Tarlaíonn seo de bhrí go bhfuil an iomarca tacaíochta ar fáil ó dhuine amháin

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Down's Syndrome Association (RA), láithreán gréasáin: http://www.downs-syndrome.org.uk/
2. Down's Syndrome Scotland, láithreán gréasáin: http://www.dsscotland.org.uk/
3. Down Syndrome Educational International, láithreán gréasáin: http://www.downsed.org/
4. Down Syndrome Ireland, láithreán gréasáin: http://www.downsyndrome.ie/

5. Down Syndrome Ireland (2004)
— *Including Children with Down Syndrome in Your School*
— *Including Teenagers with Down Syndrome in Your School*
íoslódáil ó: http://www.downsyndrome.ie/about_us/booklets.html

6. Horstmeier, D. (2004) *Teaching Math to People with Down Syndrome and Other Hands-On Learners,* Bethesda, MD: Woodbine House.

7. Horstmeier, D. (2008) *Teaching Math to People with Down Syndrome and Other Hands-On Learners: Book 2, Advanced Survival Skills*, Bethesda, MD: Woodbine House.

8. Kelly, A. (2001) *Talkabout: A Social Communication Skills Package,* Bicester: Speechmark Publishing.

9. Kliewer, C. (1998) *Schooling Children with Down Syndrome: Toward An Understanding Of Possibility,* Nua Eabhrac: Teachers' College Press.

10. Kumin, L. (2001) *Classroom Language Skills for Children with Down Syndrome,* Bethesda, MD: Woodbine House.

11. Kumin, L. (2003) *Early Communication Skills for Children with Down Syndrome: A Guide for Parents and Professionals,* Bethesda, MD: Woodbine House.

12. Lawrence, D. (1996) *Enhancing Self-Esteem In The Classroom,* Londain: Paul Chapman Publishing.

13. Lorenz, S. (1998) *Children with Down's Syndrome: A Guide for Teachers and Support Assistants in Mainstream Primary and Secondary Schools,* Londain: David Fulton Publishers.

14. Oelwein, P.L. (1995) *Teaching Reading To Children With Down Syndrome – A Guide For Parents And Teachers,* Bethesda, MD: Woodbine House.